

☘ An Lúibín ☘

13 Deireadh Fómhair 2022

Athnuachan na teanga

Since 'new' speakers of Irish are now more numerous than traditional native speakers, they are natural subjects for research, both in Ireland and abroad.

Tá méadú ag teacht ar thaighde ar na daoine a mbraitheann rath na Gaeilge orthu: na nuachainteoirí, an chuid is mó acu le fáil in Éirinn ach scata i dtíortha eile chomh maith. Aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith leo mar mhionlach teanga: is mó a líon ná líon na gcainteoirí traidisiúnta, tá cuid mhaith acu oílte agus óg, is é an timpeallacht cathrach a bhfearrann dúchais, agus tá a sainlorg féin á fhágáil acu ar an teanga. Agus tá ag éirí leo (in Éirinn ar a laghad) an teanga a fhódú i saol ina bhfuil an Béarla i réim i gcónaí – éacht annamh.

Ar na taighdeoirí atá i gceist tá Stiofán Seoigheach, scoláire a bhfuil suim aige i nuachainteoirí óga na Gaeilge agus na Bascaise.¹ Bhain sé beagnach ceithre bliana ag caint le daoine óga a bhaineann feidhm rialta as an nGaeilge ach nár tógadh i gceantair Ghaeltachta. Daoine iad, mar a deir sé, 'a shealbhaigh an Ghaeilge i dtosach báire sa chóras oideachais, den chuid is mó, agus a rinne nuachainteoirí díobh féin diaidh ar ndiaidh'. Iad ag labhairt Gaeilge lena gcairde gaoil as sin amach.

Deir an Seoigheach gur luaigh na cainteoirí seo ar fad, nach mór, múinteoirí a spreag spéis sa teanga iontu ar bhealaí éagsúla, i scoileanna lán-Ghaeilge agus Béarla araon, thuaidh agus theas. Is minic a luaigh siad tréimhse sa Ghaeltacht nó ar an ollscoil a d'fhág a rian orthu, agus ba dhóigh leo go raibh buntáistí gairmiúla agus pearsanta ag roinnt leis an nGaeilge.

Uaireanta níl nuachainteoirí cinnte go bhfuil ceart na Gaeilge acu agus iad ag cuimhneamh ar Ghaeilge nádúrtha thraidisiúnta na Gaeltachta. Ach tá deiseanna caidrimh agus cainte acu ar mór acu féin iad – tob-Ghaeltachtaí, féilte ceoil is cultúir amhail Féile na Gealaí agus clubanna de chuid Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Gaillimh.

Chuaigh Lorenzo Posocco agus Iarfhlaith Watson i mbun oibre ar bhealach eile. Rinne siad dhá agallamh déag le cainteoirí Gaeilge in Éirinn a bhfuil éagsúlacht náisiúnta agus eitneach ag baint leo. Bhí siad go léir líofa (an-líofa uaireanta) agus iad ag labhairt Gaeilge gach lá sa bhaile, ina bpost nó in áiteanna eile.² Iad ina gcaoltóirí, ina scríbhneoirí, ina láithreoirí teilifíse. Éagsúlacht ag baint leo, ach suim ar leith ag na taighdeoirí suim i mbeirt áirithe. Rugadh duine acu i Vítneam agus tógadh in Éirinn; rugadh bean eile sa Nigéir ach tógadh in Éirinn. Dúirt siad gurbh Éireannaigh go smíor iad, go raibh pas Éireannach acu, go bhfuair siad oideachas trí Ghaeilge agus go raibh Gaeilge á labhairt acu mar chuid dá saol. Dá ainneoin sin, bíonn siad á maslú i gcónaí ag daoine nach bhfuil meas acu ar an cainteoirí seo mar fhíor-Éireannaigh. Ach níor ghéill na cainteoirí don dí-mheas sin toisc gurbh í an teanga féin an taca ba mhó a bhí acu mar Éireannaigh. Agus bhí Éireannaigh eile ann agus iad sásta nuachainteoirí a mholadh as Gaeilge a labhairt.

Tá na nuachainteoirí seo in ann tairbhe a bhaint as stádas na Gaeilge mar theanga dhúchais na tíre, teanga a shealbhaigh siad féin agus a ligeann dóibh iad féin a fhódú in Éirinn. Is amhlaidh go dtugann an dearcadh náisiúnach le fios gur leis an náisiún an teanga, ach áitíonn na taighdeoirí go bhfuil locht ar an dearcadh seo. Féadann eachtrannaigh, nó daoine nach bhfuil cuma Ghaelach orthu, níos mó máistreacht a fháil ar Ghaeilge ná daoine ar Éireannaigh ar a ndearramh iad. Tá labhairt na teanga ina comhartha ar an gcaidreamh atá agat ort féin agus ar phobal na Gaeilge.

¹ 'Gá le doirse a oscailt do nuachainteoirí na Gaeilge: Cén chaoi gur féidir cainteoirí gníomhacha, féinmhuinéacha a dhéanamh astu seo a fhoghlaimíonn an Ghaeilge ar scoil': Stiofán Seoighe, *Irish Times*, 22/7/2019: <https://www.irishtimes.com/culture/tuarascail/ga-le-doirse-a-oscailt-do-nuachainteoiri-na-gaeilge-1.3945939>

² 'Speaking Irish and belonging among Irish-speakers of diverse ethnicity and nationality in Ireland: a pilot study' Lorenzo Posocco agus Iarfhlaith Watson: <https://www.tandfonline.com/doi/full/10.1080/01434632.2022.2060990>

Rinneamar tagairt in eagrán eile do pháipéar a d'fhoilsigh John Walsh agus Laoise Ní Dhúda in 2015, "'New speakers' of Irish in the United States: Practices and motivations,' páipéar ar díol spéise é anois féin.³ Labhair na húdair le cainteoirí i gcúig áit sna Stáit Aontaithe. Cuireadh agallamh ar chúigear ban agus ar ochtar fear idir 37 agus 71 bliain d'aois agus a bhformhór os cionn caoga bliain d'aois. Dúirt triúr go mbídís ag caint i nGaeilge lena gcúram.

Is iondúil gur daoine de shliocht Éireannach a mhealltar chun na teanga, ach ní mar sin i gcónaí é, agus ní éiríonn ach le beagán a oiread máistreachta a fháil ar an teanga is a ligfeadh dóibh í a labhairt sa bhaile nó dul i bhfeidhm ar dhaoine eile i gcúrsaí eile. Eascraíonn fíorlíofacht ó dhíocas ar leith.

Leo féin a thosaigh cuid de na cainteoirí seo ag foghlaim Gaeilge, agus de ghnáth rinne siad cúrsa ollscoile nó i lárionad Éireannach. Bhí siad seiftiúil ina gcuid foghlama agus iad ag baint leas as pé acmhainní a bhí ar fáil, beag beann ar dheacrachtaí taistil agus costais. Dúirt bean amháin: 'Caithfidh tú do Ghaeltacht fhéin a chruthú más maith leat Gaeilge a fhoghlaim'. Bhí daoine eile ann, áfach, nach raibh chomh dícheallach sin, cé gur áitigh roinnt cainteoirí gur cheart don Ghaeilge a bheith mar chuid d'Ílíníúlacht na nGael-Mheiriceánach. Dúirt cainteoirí áirithe gur ghríosaigh rudaí eile i ndúchas na hÉireann, go háirithe an ceol, iad chun Gaeilge a fhoghlaim.

Tá an-tábhacht le hobair Choimisiún Fulbright, foras a chuidíonn le hÉireannaigh Gaeilge a mhúineadh sna Stáit agus le Meiriceánaigh an teanga a fhoghlaim in Éirinn. Fiú deich mbliana ó shin bhí Gaeilge á múineadh i 51 institiúid trí leibhéal agus i 36 institiúid neamhaduúil sna Stáit, cé gur dócha nach mbeadh i bhfad níos mó ná cúig chéad duine ag déanamh staidéar ar Ghaeilge ag an trí leibhéal faoi láthair.

Chuir Jill Vaughan, taighdeoir ón Astráil, agallamh ar 41 foghlaimeoir agus cainteoir i mBostún, Melbourne agus Baile Eoin i dTalamh an Éisc chun taighde a dhéanamh ar conas is féidir le féiniúlachtaí measctha agus cuntais nua ar chúrsaí teangeolaíochta teacht chun cinn.⁴ Is mór an difríocht atá idir pobail Éireannacha ar fud an domhain maidir le úsáid na Gaeilge agus le hidé-eolaíochtaí teanga. Tá a stair féin agus a ábhar machnaimh féin ag gach pobal dá leithéid agus féadann siad a mbrí shóisialta agus chultúrtha féin a cheapadh dá réir.

Tá Bostún breac le hinstiúidí, gnólanna, taispeántais agus tithe tábhairne a bhaineann le hÉirinn, agus tá an Ghaeilge ar cheann de na rudaí a mbaintear fónamh astu go fonnmar chun an dúchas a chur in iúl. Tá a lán grúpaí Gaeilge ann agus tá an teanga á múineadh sna hollscoileanna. In Melbourne tá scata beag cainteoirí dúchais agus slua foghlaimeoirí; b'fhéidir go n-éireodh roinnt bheag acu siúd líofa. I dTalamh an Éisc tá an Ghaeilge ina shuaitheantas stairiúil agus is fada grúpaí teanga ann dá bharr, gan trácht ar í a bheith á múineadh ag an trí leibhéal i mBaile Eoin.

Tá an teanga á húsáid ó cheann ceann an domhain ag gréasáin agus ag daoine aonair – pobal domhanda atá beo lastall díobh siúd a rugadh in Éirinn. I Meiriceá Thuaidh, ar a laghad, tá cúiseanna éagsúla ag daoine le Gaeilge a fhoghlaim, ach tá sinsearthacht Ghaelach nó féiniúlacht Éireannach ar na cúiseanna is tábhachtaí. Áitítear, áfach, go bhféadfadh foghlaimeoirí i dtíortha eile a bheith saor ó chuid den ualach intinne agus cultúrtha a bhaineann leis an teanga in Éirinn.

Ní hé gur comhartha simplí ar chine áirithe í an teanga, gan trácht ar nósanna cultúrtha eile. Tá castacht ag roinnt leis an gcaidreamh atá ag daoine le teanga agus leis na bríonna siombalacha atá léi. Aithnítear an Ghaeilge mar cheann de na déantáin chultúrtha is 'barantúla' agus féiniúlacht na hÉireann á cur in iúl. Ceaptar an cainteoir dúchais mar dhuine fíorbharantúil i dtuairiscí traidisiúnta ar an eitneachas. Tuigtear gur fíorchleachtas seanbhunaithe í an Ghaeilge, gur cuid de thimpeallacht sóisialta agus cultúrtha í, go bhfuil pobal cainteoirí ann lena fíordheimhniú, agus go dtugann sí an léargas is fearr ar dhúchas na hÉireann.

Tá sé le tuiscint as na hagallaimh gur deacair do dhuine éirí líofa agus nach bhfuil sin le déanamh ag duine nach bhfuil ach suim fhánach aige i gcultúr na hÉireann. Ba mhaith leis na daoine ar cuireadh agallamh orthu nach raibh tráchtearra déanta den teanga; ach tá lorg an chumha uirthi sa mhéid go mbaineann sí le seansaol idéalaithe. Is amhlaidh go dtig le daoine draíocht a shamhlú leis an teanga agus iad scartha amach ó phobal na Gaeilge in Éirinn – an pobal is téagartha. Síltear gur tríd an nGaeilge a dhéantar pobal amháin d'Éirinn agus de phobail scaipthe na Gaeilge, cé go samhlaítear pobail Ghaeilge chomh maith mar rud áitiúil.

³ 'New speakers' of Irish in the United States: Practices and motivations': John Walsh, Laoise Ní Dhúda, June 2015, *Applied Linguistics Review* 6(2): https://www.researchgate.net/publication/277972978_'New_speakers'_of_Irish_in_the_United_States_Practices_and_motivations

⁴ Vaughan, Jill (2016), 'Landscapes of the Irish Language: Discursive Constructions of Authenticity in the Irish Diaspora,' *Irish Journal of Applied Social Studies*: Vol. 16: Iss. 1, Article 4: <https://arrow.tudublin.ie/cgi/viewcontent.cgi?article=1285&context=ijass>



Massachusetts: teanga atá beo arís

The indigenous Indian language after which Massachusetts is named – a language in which many were literate from the 17th century on – is now being revived.

Déanaimis machnamh air seo: teanga dhúchasach in oirthear Mheiriceá Thuaidh a bhí á scríobh ó na 1660idí amach agus a bhfuil cáipéisí go leor breactha síos inti. De réir a chéile cailleadh na cainteoirí, ach tríocha éigin bliain ó shin thosaigh siad á hathbheochan. Tá pobal na gcainteoirí (na Wôpanâak) le fáil timpeall Bhostúin agus ar fud Cape Cod agus Rhode Island.



Cap Cod

Wikimedia Commons

Baineann an teanga Massachusetts leis an gcaobh oirthearach de na teangacha Algancacha ar chósta thoir Mheiriceá Thuaidh. Anuas go dtí an 17ú haois bhí tábhacht le Massachusetts ina limistéar féin agus é á úsáid ag an Wôpanâak go háirithe. Bhí canúintí den teanga á labhairt ina lán ceantar de dheisceart Shasana Nua, mar theanga dhúchais agus mar an dara nó an tríú teanga. Bhí sí á labhairt i bpobail mheasctha de dhaoine a d'iompaigh le Críostaíocht – na 'praying towns' – agus leathnaigh sí dá réir.

Ba í an Chríostaíocht a spreag lucht labhartha Massachusetts chun an teanga a léamh agus a scríobh. D'fhoilsigh John Eliot an Bíobla i gcanúint de Massachusetts in 1663 - *Mamusse Wunneetupanatamwe Up-Biblum God*. Bhí seo ar na samplaí ba luaithe d'aistriú an Bhíobla go teanga nár scríobhadh go dtí sin. Mhúin ministrí agus múinteoirí de bunadh na háite léamh agus scríobh na teanga don uasaicme agus do dhaoine eile, agus tá a fhianaise sin ann – litreacha, cáipéisí eaglaise, achainí cúirte, cáipéisí riaracháin, nótaí i leabhair agus leabhraín dhiaganta a scaipeadh go forleathan.

Ach tháinig laghdú ar líon na gcainteoirí de dheasca galracha, na Sasanaigh a bheith ag ídiú acmhainní na háite, agus an mhí-oird a lean cogadh. Cuireadh an-bhrú orthu an seansaol a thréigean, bhí idirphósadh ann agus bhí gá le Béarla, agus d'fhág sin go bhfuair na cainteoirí deireanacha bás i ndeireadh an 19ú haois.

Thosaigh athbheochan na teanga in 1993 nuair a chuir Jessie Little Doe Baird (Fermino) an Wôpanâak Language Reclamation Project (WLRP) ar bun.⁵ Tá an teanga á múineadh anois do bhaill de threibheanna áitiúla anois agus tá scata beag páistí á dtógáil le Massachusetts den chéad uair ó fuair na seanchainteoirí deireanacha bás céad bliain is fiche ó shin.

Tá a cuid airíonna féin ag an teanga. Cúpla sampla:

apun musay – 'tá an leaba [apun] mór'. Ach ní aidiacht atá i 'mór' [musay] anseo: briathar is ea 'musay' agus é ag feidhmiú mar aidiacht. Chun an cleas céanna a imirt i nGaeilge bheadh ort briathar a dhéanamh de 'toirt,' abair - 'toirteann an leaba'.

anum nâwâw masqah - 'feiceann an madra [anum] an béar [masq]. Ós rud beo é an béar agus é ina chuspóir san abairt seo, cuirtear -ah lena eireaball mar iarmhír. Dá mbeadh sé marbh, chuirfí -ay leis mar iarmhír.

Mar a deir Jessie Little Doe Baird, ní mór máistreacht a fháil ar na briathra. Tá struchtúr saibhir acu agus caithfeadh dua a chaitheamh leo, ach tá siad an-loighciúil.

⁵ 'An Introduction to Wampanoag Grammar' by Jessie Little Doe Fermino. Submitted to the Department of Linguistics and Philosophy in Partial Fulfillment of the Requirements for the Degree of Masters of Science in Linguistics at the Massachusetts Institute of Technology, June 2000: <http://dspace.mit.edu/bitstream/handle/1721.1/8740/48040790-MIT.pdf?sequence=2&isAllowed=y>

Tá teangacha ann a cailleadh go deo; ach ní beag an buntáiste don teanga Massachusetts í a bheith á breacadh síos chomh fada sin, rud a fhágann go bhfuil a lán foinsí teangeolaíocha againn. Tá a nuachaintoirí ina gcónaí sna háiteanna a raibh siad riamh: ceangal eile leis an dúchas. Ní dócha go bhfaighidh Massachusetts bás arís.



Méanmar agus a chogadh

Myanmar is enduring a savage civil war – a conflict between a military junta and local militias, supported by most of the civilian population. Even if the generals win, they lose.

Tá Méanmhar ar na stáit úd a bhfuil rialtas na tíre (rialtas míleata) ag dul i ngleic leis an bpobal féin. Vótáil an pobal i Méanmar ar son rialtas daonlathach, ach ní leis an daonlathas atá luí ag na ginearáil. Fágann sin rogha eile – cogadh cathartha.

Tír Bhúdaíoch Méanmar, tír atá breac le teampaill áille shármhaisithe. Ach tá lorg an fhoréigin le haithint go soiléir ar a stair. Rinne na Briotanach coilíneach de Mhéanmar, rud nár thaitin le muintir na tíre: d'éirigh siad amach arís agus arís sa 19ú haois. Níor cuireadh ruaig ar an mBreatain go dtí na 1940idí, nuair a tháinig na Seapánaigh. Thaobhaigh roinnt náisiúnaithe leis an dream nua, ach in 1945 chuaigh siad ar thaobh na gComhghuaillithe. Rinneadh poblacht den tír in 1948, ach thosaigh mionlaigh eitneacha ag éileamh féinrialtais, agus ghabh na ginearál an chumhacht in 1962, ag rá go raibh aontacht na tíre i mbaol. Bhí tréimhse fhada de mhírialú agus d'ansmacht ann, rud a tharraing agóidíocht agus easaontas. Ceadaíodh toghcháin in 1990 agus bhain páirtí Aung San Suu Kyi formhór na suíochan, ach dhiúltaigh an t-arm géilleadh. Mar sin féin, lean tréimhse liobrálaithe anuas go dtí 2015, nuair a bhí toghcháin nua ann agus cuireadh rialtas sibhialtach ar bun, cé go raibh lorg lámh na nginearál ar chúrsaí go foill.



Léirsiú in 2021
Wikimedia Commons

In 2020 bhí toghcháin ann arís, agus ba é páirtí AungSan Suu Kyi a bhain arís iad. Bhris ar an bhfoighne ag an arm, agus in 2001 chuir sé an rialtas sibhialtach as oifig. Cuireadh faoi chois na hagóidí a rinneadh i gcoinne na gabhála cumhachta seo, rud a ghríosáigh daoine chun grúpaí armtha a chur ar bun faoi choimirce Rialtas an hAontachta Náisiúnta, scáthrialtas a chuir iarpholaiteoirí ar bun.

Bhí na ginearáil leagtha amach ar fhanacht i gcumhacht agus ba bheag an mhoill orthu an lámh láidir a imirt. Ach tá ceannaircí áitiúla ann ar fud na tíre Go dtí seo tá os cionn milliún duine curtha as baile agus maraíodh os cionn 13,000 páiste. Tá an t-arm ciontach i ndúnmharú, éigniú agus céasadh. Leagadh scoileanna agus cuireadh sráidbhailte agus barraí trí thine: tá na milliúin páiste gan oiliúint dá bharr.

Ní fearrde an tír na ginearáil a bheith ann: tá siad piseogach agus neamhinniúil, tá an chaimiléireacht faoi lán seoil, agus is mór an dochar atá á dhéanamh don gheilleagar agus don chóras riaracháin.

I dtuaisceart stát Arakan (a dtugtar Rakhine air anois), áit a bhfuil pobail éagsúla agus iad i gcoimhlint le chéile (cuimhnigh ar chás na Rohingya), tá trí ghrúpa armtha ar a laghad agus iad ag dul i ngleic le fórsaí an rialtais. Orthu sin tá Arm Arakan agus grúpa Rohingya. Tá an rialtas ag iarraidh bia, airgead, eolas agus earcaigh a cheilt orthu, ach is iad na gnáthmhuintir atá thíos leis chomh maith. Ina theannta sin, tá feidhm fhorleathan á baint ag an arm as buamaí, sliogáin, mianaigh, moirtéir agus daoine a ghabháil thall is abhus. Thréig na mílte duine a sráidbhailte dá bharr.

Tá an rialtas míleata ag ionsaí daoine óga go háirithe, daoine atá ina bpríomhthaca ag an bhfreasúra. Tá fadhbanna eile fós ag an dream óg – tá an geilleagar ag titim as a chéile agus is beag seans atá acu a gcuid oideachais a chur i gcrích. Bhí iriseoir de chuid Al Jazeera ag caint le daoine sna fichidí agus sna tríochaidí ó Taninthari sa deisceart, áit a bhfuil ceannairigh armtha ag treisiú i gcónaí agus an t-arm ag marú, ag gabháil agus ag faire níos mó daoine dá réir. Tá daoine óga in easnamh ar bhailte móra agus ar chathracha agus an oiread si

acu imithe go tíortha eile, ina gcónaí anois i gceantair atá faoi smacht na gceannairceach nó ina gceannaircigh iad féin. Déanann an t-arm luaith a dhéanamh de thithe, sliogáin a scaoileadh le sibhialtaigh agus seilbh a fháil ar shráidbhailte. Uaireanta dóitear daoine beo beathach nó baintear an ceann díobh.

Is deacair dul i bhfolach ar an arm. Déanann saighdiúirí agus póilíní ruathar ar áiteanna cónaithe agus téann siad ó theach go teach ar lorg aionna oíche nár chláraigh leis na húdaráis. Chun daoine folaithe a thabhairt amach, téann an t-arm sa tóir ar a gcairde gaoil. Stopann na fórsaí slándála daoine go fánach sa tsráid, ag seiceáil a nguthán féachaint an dtacaíonn siad leis na ceannaircigh. Deir Raidió Free Asia gur gabhadh na céadta duine as teachtaireachtaí 'mídhílse' ar na meáin shóisialta nó as suimeanna beaga airgid a thabhairt do cheannaircigh trí aistriú fón.

In Sagaing in iarthuaisceart na tíre bíonn troid fhíochmhar ar siúl. Amhail an chuid eile den tír, tá a lán 'fórsaí cosanta pobail' anseo agus iad ag dul i ngleic gan stad le fórsaí an rialtais. Is iondúil nach mbíonn acu ach airm de dhéantús an bhaile, in éineacht le sáreolas ar an gceantar, ach thaispeáin siad cheana nach aon dóithín iad i gcúrsaí comhraic. B'fhearr leo airm níos fearr, áfach.

Rud is iontach agus agus an oiread sin daoine á marú agus á ngabháil, déanann idir mhná agus fhir léirsithe sna sráideanna i gcoinne an rialtais mhíleata fós.

Rinne na Náisiúin Aontaithe agus Cumann Náisiúin Oirdheisceart na hÁise iarrachtaí ar chomhréiteach a dhéanamh, ach diúltaíonn na ginearáil dul i gcomhairle lena naimhde. Fiú má fhanann siad faoi réim, tá an cogadh cailte acu.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta

Rugadh agus tógadh Julie Breathnach-Banwait i gCeantar na nOileán i gConamara. Í ina cónaí san Astráil anois. Dhá chnuasach foilsithe aici.

Bronntanas (ón gcnuasach *Dánta Póca*, Coiscéim 2020)

Síneadh
Dorchadas
Chugam
Níor thuig mé
A thábhacht
Throid mé
Leis mar namhaid
Luigh mé leis
Mar leannán dallta
Bronntanas a
Bhi sa mbosca
Beag suarach
Faoi cheilt

Beach, éan, tafann gadhair (ón gcnuasach *Ar thóir gach ní*, Coiscéim 2021)

Beach, éan, tafann gadhair.
An ciunas ag bodhrú m'inchinne,
suaimhneas ag druidim liom.

Fuiseog ag seinm ar chloch gharbh,
ag pramsach léi ar choisíní beaga cipíneacha ag
fanacht le tintreacha scoilte thrí

spéir dhearg an tSamhraidh.
Sásaíonn an ciúnas an cholainn.
Aithním moille na súile is

an codladh 'mo cheansú is 'mo thláthú.
Beach, éan, tafann gadhair.

File Astrálach Colin Ryan. Rogha (Coiscéim 2022) an cnuasach is déanaí aige.

Uisce

Tháinig an bháisteach
is d'imigh
na héin ag bailiú
ar chraobhacha loma
locháiníní
sna lánáí
scáil an linbh
iontu
is scáil na haoise

Dúradán

Istoiche féachann tú uait
ar an neamhtheorantacht
is gan ionat féin
ach dúradán
de chuid ollchruinniú na reann
is iompaíonn tú
ón uafás iontach
ar fhuinneog sholasmhar
ar bhláthanna i vása